## Reaching Out

A students' union should feel like something students actively belong to, not something that exists in the background. **Right now, many students feel disconnected from the SU and, to put it frankly, do not want to be a part of it anymore.**

Students are unsure of who represents them or **what the Union does or what they are involved in.** The gap isn't due to the lack of interest but the lack of connection to the union and what students believe it represents.

My priority is to make the Union a **familiar and accessible part of student life** by actively reaching out to students.

This means moving **beyond the main campus** and into the spaces students already occupy, such as the Lir, D'Olier Street, the JCR, and other shared areas, and bringing the Union directly to them.

Just as importantly, I want the Union to clearly demonstrate that it **listens to student issues** and **recognises the valuable work** being done by societies, initiatives, and other student-led organisations across the college.

**I will achieve this through: Collaboration, Communication, Accessibility, and Sponsorships**.

## Collaborate

1. Bring SU communication beyond House 6 by engaging directly with class reps, accommodation spaces such as the JCR, and campus hubs like Goldsmith Hall.
2. Foster relationships with class reps to share relevant information about their course, the student body, and beyond.
3. Work hard to collaborate with societies and support important initiatives and events they run throughout the year.
4. Partner with other members of the SU to showcase behind-the-scenes work and highlight what each member is working on, thus being more transparent with students.
5. Liaise with different food spaces on campus, such as the Forum, JCR café, Perch, Buttery, etc., to keep students informed on the latest deals and offers.

## Communicate

1. Make weekly emails clear, easy to understand, and, most importantly, fun. Making emails more personable and relatable to students – adding my own personal flair.
2. Create videos and digital content concerning relevant information in emails that students may not have read.
3. Utilise and revamp the notice boards on campus to have updated and relevant SU content for students.
4. Use the SU website and social platforms to provide consistent updates to students on the services the SU offers, such as the job opportunities and any additional events that need to be highlighted, like the consistent council meetings.
5. Facilitate regular social media takeovers by different members of the union, such as class reps, societies, services and other members of the union, where relevant, to keep the student body informed.

## Accessibility

1. Make the SU's content easy to understand and engage with for students unaware of the events happening, such as council meetings and protests.
2. Help to foster a clearer understanding of how the SU operates for students.
3. Deliver regular 'Know Your Union' or 'Get to Know the Union' content to explain how the union operates and learn about the different committees and positions available.

## Sponsorships

1. Obtain sponsors and partnerships that make sense for students and that students would utilise and benefit from—not just getting them for the sake of it.
2. Develop and maintain relationships with sponsors that align with SU values.
3. Have consistent and weekly sponsorship offers, deals, and discounts available to students from a variety of different organisations.

Hey everyone!
My name is **Promise Okafor** (she/her), and I am a final-year general nursing student from Dublin. During my time at Trinity, I've been involved with so many amazing services, such as the SU, S2S, TCD Communications, the Careers Service, and so many great societies and clubs.

With your help and support, I'd hopefully love to be the next **SU communications & marketing officer.** To learn more about me and my ideas, you can reach me at pokafor@tcd.ie or through my campaign social media pages.

https://linktr.ee/promms4comms

## Key Experience

### Trinity Student Social Media Ambassador

- Represented Trinity College Dublin across official social media platforms to promote student life, events and initiatives.
- Creating engaging digital content aligning with Trinity's brand and communication strategy.
- Collaborating with the Communications team and fellow ambassadors to increase student engagement and outreach.

### Careers Service Ambassador

- Promoting the Careers Service events and resources to the student body across their social media platforms, particularly promotional content for career fairs.
- Acting as a liaison between students and the Careers Service, assisting with outreach initiatives during key periods such as careers fairs and information stalls across campus.

### Trinity Student Medical Journal (TSMJ) Media Director

- Aiding the journal's digital presence across social media platforms to promote publications, calls for submissions, and events.
- Designing visual content and managing the online campaigns while collaborating with others to ensure consistent branding.

### Class Representative

- Represented my course group on issues relating to nursing, providing students with active solutions and being the voice to address concerns to faculty and course administration.

### Student2Student (S2S) Social Media Committee and Society Chairperson

- Supported the promotion of S2S mentoring programmes through targeted social media campaigns.
- Designing and creating informative content to raise awareness of S2S and its services, particularly on their Instagram platform.
- Working collaboratively with the S2S team to ensure inclusive, student-centred messaging that is fun, engaging and easy to understand.

### Public Relations Officer of DUBadminton

- Managing the club's social media platforms and promotional materials to increase engagement and membership and making students aware of the club's presence.
- Designing graphics for events, competitions, training sessions, etc. and supporting the committee in posting promotional material to do with social sessions, competitions, etc.

### Secretary for TCD Afro-Caribbean Society (ACS)

- Overseeing the official correspondence, meeting minutes, and organisational documentation of the society.
- Helped to obtain partnerships and sponsorships for the society and different events for the members.
- Supporting committee operations by coordinating meetings and assisting with event planning, promotion and outreach.



## Teagmháil

Ba chóir go mbraitheadh mic léinn go bhfuil siad ina mbaill den Aontas, in ionad é a bheith ag feidhmiú sa chúlra. Faoi láthair, braitheann siad go bhfuiltear scartha ón Aontas agus chun an fhírinne a rá, níl fonn orthu bheith mar chuid de a thuilleadh.

Níl siad cinnte cé a dhéanann ionadaíocht orthu nó cad a bhíonn á dhéanamh ag an Aontas fiú. Níl an scoilt seo de bharr easpa spéise ach de bharr easpa naisc idir an Aontas agus na mic léinn, chomh maith lena dhéanann sé ionadaíocht air, dar leo.

Is é an phríomhsprioc atá agam ná go gcuirfeadh na mic léinn aithne ceart ar an Aontas agus go mbeadh sé ina chuid lárnach de shaol na mac léinn trí nasc a chruthú leo. Leis seo, ní mór dó leathnú go dtí na spásanna lasmuigh den bpríomhchampas ina bhfuil mic léinn cheana féin, ar nós an Lir, Sráid D'Olier, JCR agus spásanna roinnte eile, d'fhonn an tAontas a thabhairt chucu go díreach.

Ina theannta sin, teastaíonn uaim go mbeadh láithreacht phearsanta agus ábhartha ag an Aontas: go rachadh sé i ngleic le buairt mhac léinn agus go bhféachfaí air mar chuid lárnach de shaol na mac léinn, in ionad institiúid atá i bhfad uainn.

Ar comhthábhacht leis sin, teastaíonn uaim go dtaispeánfadh an tAontas go n-éistear le fadhbanna mac léinn agus go n-aithníonn sé an obair luachmhar a bhíonn á déanamh ag cumainn, tionscnaimh, agus eagraíochtaí stiúrtha ag mic léinn ar fud an choláiste.

## Comhoibriú

1. Tabharfaidh mé cumarsáid an Aontais níos faide ná Teach 6 trí theagmháil díreach a dhéanamh le comhráite grúpa an chúrsa ag baint úsáid as na n-ionadaithe ranga, ag fógairt i spásanna lóistín amhail an JCR agus lárionaid champais cosúil le Halla Goldsmith.
2. Sa tslí chéanna, cothóidh mé caidrimh le hionadaithe ranga chun eolas cuí faoina gcúrsaí agus eile a roinnt.
3. Déanfaidh mé iarracht mhór chun comhoibriú le cumainn, agus tacú le tionscnaimh thábhachtacha agus na himeachtaí a reáchtálann siad i rith na bliana.
4. Oibreoidh mé le baill eile an Aontais chun an obair chúlra a thabhairt chun solais agus aird a tharraingt ar a bhfuil ar siúl ag gach ball, le bheith níos follasaí leis na mic léinn.
5. Beidh mé i dteagmháil le soláthair bhia ar champas, cosúil leis an Forum, caifé JCR, Perch, An Bhutrach, srl. chun mic léinn a choimeád ar an eolas faoi na margaí agus tairiscintí is déanaí, agus eolas faoina dhíolann siad.

## Cumarsáid

1. Déanfaidh mé ríomhphoist sheachtainiúla shoiléire, fuirist le tuiscint agus beidh spraoi iontu thar aon ní eile. Beidh siad níos pearsanta agus ábhartha do na mic léinn – ag cur mo stíl féin leo.
2. Cruthóidh mé físeáin agus ábhar digiteach maidir le heolas ábhartha sna ríomhphoist ar eagla nár léigh mic léinn i gceart iad.
3. Úsáidfidh mé na cláir fhógraí atá ar champas ar bhealach níos fearr ionas go mbeidh ábhar nua agus cuí ann le léamh agus gníomhú air.
4. Úsáidfidh mé suíomh gréasáin an Aontais mar aon leis na meáin shóisialta chun an fhaisnéis is déanaí a thabhairt do na mic léinn faoi sheirbhísí a chuireann an tAontas ar fáil. Áirítear folúntais agus aon imeachtaí breise a gcaithfear a fhógairt cosúil le cruinnithe rialta an choiste.
5. Tabharfaidh mé áis do bhaill éagsúla an Aontais seilbh a ghlacadh ar na hardáin meán sóisialta ina bpléifidh siad le hionadaithe ranga, cumainn, seirbhísí agus, nuair is gá, baill eile an Aontais, chun mic léinn a choimeád ar an eolas.

## Inrochtaineacht

1. Cinnteoidh mé go bhfuil an t-ábhar éasca le tuiscint agus le bheith páirteach ann do mic léinn nach bhfuil a fhios acu faoi chruinnithe an choiste agus agóidí.
2. Cabhróidh mé le tuiscint a chothú ó thaobh feidhmiú an Aontais do mhic léinn a bhraitheann nach bhfuil aon eolas acu faoin Aontas.
3. Cuirfidh mé ábhar 'Bíodh aithne agat ar d'Aontas' nó 'Téigh i dtaithí ar an Aontas' ar fáil a mhíníonn conas a fheidhmíonn an tAontas, na coistí éagsúla agus na róil atá ar fáil.

## Urraíocht

1. Gheobhaidh mé urraitheoirí agus comhpháirtíocht a bhfuil ciall leo in aigní na mac léinn agus a bheadh úsáideach dóibh – bheadh cúis ar leith dóibh.
2. Forbróidh agus cothóidh mé caidrimh le hurraitheoirí a réitíonn le luachanna an Aontais.
3. Lorgóidh mé tairiscintí urraíochta seachtainiúla, chomh maith le margaí agus lascainí atá ar fáil do mhic léinn ó éagsúlacht eagraíochtaí.

Dia daoibh uile! Promise Okafor (sí/í) is ainm dom, is as Baile Átha Cliath dom, agus táim i mo bhliain dheireanach ag déanamh staidéar ar Altranas Ginearálta. I rith mo chuid ama ag CnaT, bhí mé páirteach i gcuid mhaith sheirbhísí den scoth cosúil le Aontas na Mac Léinn, S2S, Cumarsáid CnaT, Seirbhís Ghairme agus go leor cumann agus clubanna thar barr.

Le cabhair agus tacaíocht uaibhse, ba bhreá liom ról an chéad oifigeach Cumarsáide agus Margaíochta eile a ghlacadh leis an Aontas. Chun níos mó a fhoghlaim fúm féin agus faoi mo thuairimí, is féidir libh dul i dteagmháil liom ag pokafor@tcd.ie nó trí mo leathanaigh fheachtais ar na meáin shóisialta.

https://linktr.ee/promms4comms

## Taithí Cuí

### Ambasadóir Mic Léinn do na Meáin Shóisialta

- Rinne mé ionadaíocht ar Choláiste na Tríonóide ar na hardáin mheán sóisialta oifigiúla ag cur chun cinn saol na mac léinn, imeachtaí agus tionscnaimh.
- Chruthaigh mé ábhar digiteach suimiúil a réitíonn le branda an choláiste agus lena straitéis chumarsáide.
- Chomhoibrigh mé leis an bhfoireann Cumarsáide agus leis na hambasadóirí eile chun rannpháirtíocht agus teagmháil na mac léinn a mhéadú.

### Ambasadóir Seirbhís Ghairme

- D'oibrigh mé chun imeachtaí agus acmhainní don tSeirbhís Ghairme a chur chun cinn os comhair na mac léinn ar na hardáin mheán sóisialta, go háirithe ábhar d'aonaigh ghairme.
- Bhí ról idirghabhála agam idir na mic léinn agus an tSeirbhís, ag cabhrú le tionscnaimh teagmhála le linn tréimhsí suntasacha, cosúil le haonaigh ghairme agus seastáin fhaisnéise timpeall an champais.

### Stiúrthóir na Meán do Trinity Student Medical Journal (TSMJ)

- Chabhraigh mé le láithreacht dhigiteach na hirise ar ardáin mheán sóisialta chun foilseacháin a chur chun cinn, aighneachtaí a lorg agus imeachtaí a fhógairt.
- Dhear mé ábhar amhairc agus bhainistigh mé na feachtais idirlíne fad is a bhí mé ag obair le daoine eile chun brandáil seasmhach a chinntiú.

### Ionadaí Ranga

- Rinne mé ionadaíocht i gcomhair mo chúrsa d'fhadhbanna maidir leis an altranas, chuir mé réitigh praiticiúla os a gcomhair agus chuir mé guth le himní faoi chúrsaí foirne agus riaracháin.

### Coiste na Meán Sóisialta agus Cathaoirleach Cumann don scéim S2S

- Thacaigh mé le cur chun cinn na gclár meantóireachta Student2Student (S2S) trí fheachtais meán sóisialta dhírithe.
- Dhear mé agus chruthaigh mé ábhar faisnéiseach chun aird a tharraingt ar S2S agus na seirbhísí a ghabhann leis, go háirithe ar a leathanach Instagram.
- D'oibrigh mé in éineacht leis an bhfoireann S2S chun córas teachtaireachta a chinntiú atá cuimsitheach, dírithe ar na mac léinn, lán de spraoi, suimiúil agus éasca le tuiscint.

### Oifigeach Caidrimh Pobail le DUBadminton

- Bhainistigh mé na hardáin mheán sóisialta agus ábhar bolscaireachta chun níos mó rannpháirtíochta a lorg, chomh maith le ballraíocht a mhéadú agus an club a chur in iúl do na mic léinn.
- Dhear mé ábhar grafach d'imeachtaí, comórtais, seisiúin traenála, srl. Thug mé tacaíocht don gcoiste chun ábhar bolscaireachta a phostáil a fhógraíonn seisiúin shóisialta, comórtais, srl.

### SRúnaí an TCD Afro-Caribbean Society (ACS)

- Bhí mé i gceannas ar chumarsáid oifigiúil, miontuairiscí na gcruinnithe, agus cáipéisí eagraíochta an chumainn.
- Chabhraigh mé leo comhpháirtíocht agus urraíocht a fháil don gcumann agus imeachtaí eile a eagrú do na baill.
- Thacaigh mé le feidhmiú an choiste trí chruinnithe a eagrú agus chabhraigh mé le pleanáil imeachtaí, bolscaireacht agus teagmháil.

